coláiste chilliain

Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

# Polasaí i dTaobh Géarchéimeanna a Bhainistiú
# (Eachtraí Criticiúla)

**Géarchéim:**

Aon eachtra nó sraith eachtraí/imeachtaí a d'fhéadfadh tarlú sa scoil nó taobh amuigh den scoil a chuirfeadh as go mór d'fheidhmiú éifeachtach na scoile nó a chuirfeadh isteach ar chumas phobal na scoile feidhmiú mar is dúil dó.

**I measc na nGéarchéimeanna áirítear;**

- Bás tobann, anabaí, tragóideach
- Timpiste nó drochghortú do dhuine den phobal scoile
- Damáiste tromchúiseach don fhoirgneamh scoile, trí thine nó tuile nó creachadóireacht.
- Aon eachtra eile a fheictear d'údarás na scoile go bhféadfaí a áireamh ina ghéarchéim.

**Aidhmeanna an Pholasaí:**

- Cabhair agus treoir a thabhairt d'fhoireann an choláiste déileáil go héifeachtach le géarchéim a d'fhéadfadh titim amach taobh amuigh nó taobh istigh den scoil.
- Cúnamh a thabhairt don fhoireann déileáil le gnéithe praiticiúla de thitim amach géarchéime.
- Tacú le gach duine de phobal na scoile a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar na géarchéime agus féachaint chuige go dtabharfar tacaíocht chuí go leanúnach do bhaill an phobail ar chuir géarchéim isteach go mór orthu.
- Eolas a chur ar fáil ar bhealach ciallmhar, struchtúrtha agus mothálach.
- Fáil a bheith ar liosta de ghréasáin thacaíochta
- Socrú a bheith déanta gurbh é an Príomhoide amháin a rachadh i dteagmháil leis na meáin chumarsáide más gá.

**Cur i bhFeidhm an Pholasaí**

- Beidh gá uimhreacha teagmhála na dtuismitheoirí a nuashonrú go rialta agus iad a chlárú ar CMIS

- Beidh uimhreacha teagmhála na foirne uilig ag an bPríomhoide agus ag an Leas-Phríomhoide
- Liosta d'uimhreacha éigeandála a bheith crochta sa Seomra foirne, in oifig an rúnaí, an phríomhoide agus an leas-phríomhoide
- Foireann bhainistiú géarchéime a bheith curtha le chéile*
- Gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bheith curtha le chéile ag an bhfoireann bhainistiú géarchéime

**Gníomhaíochtaí Gearrthéarmacha (An Chéad 24 uair a'chloig)**

- Sábháilteacht phobal na scoile a chinntiú
- Cruinniú den fhoireann bhainistiú géarchéime agus freagrachtaí/dualgais a dháileadh
- Eolas cruinn a bhailiú faoin eachtra
- Baill de phobal na scoile a bhféadfadh tionchar mór a bheith ag an eachtra (géarchéim) orthu a aithint
- Teagmháil a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí cuí chun cabhair phraiticiúil agus tacaíocht a fháil
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí
- Teagmháil a dhéanamh le Foireann Bhainistíochta Shinsearach sa Bhord Oiodeachais agus Oiliúna.
- Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna más gá
- Clár ama faoi leith a shocrú don lá ag brath ar riachtanais
- Cruinniú foirne le socrú
- Scoláirí le cur ar an eolas más cuí
- Teagmháil a dhéanamh le clanna na ndaoine atá bainteach leis an ngéarchéim
- Cuairt a thabhairt ar chlanna na ndaoine atá bainteach leis an ngéarchéim
- Tuairisc a chur le chéile le cur chuig an Údarás Sláinte agus Sábháiltechta más gá.

**Gníomhaíochtaí Meántéarmacha (24 uair a' chloig-72 uair a' chloig)**

- Cruinniú le socrú leis an bhfoireann bhainistiú géarchéime le hathbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí an lae roimhe sin chomh maith le tuairisciú ar a bhfuil curtha i gcrích do dtí sin
- Tacaíocht a eagrú do phobal uile na scoile agus do thuismitheoirí más gá
- Nuashonrú a chur ar fáil don fhoireann agus do scoláire
- Coinneáil i dteagmháil leis an gclann/na clanna i dtaobu socruithe praiticiúla (sochraidí, seirbhísí srl)
- Cuairt a thabhairt ar chlanna agus/nó ar bhaill de phobal na scoile atá gortaithe
- Measúnú le déanamh ar impleachtaí dlíthiúla na géarchéime más ann dóibh

**Gníomhaíochtaí Fadtéarmacha**

- Monatóireacht le déanamh ar phobal na scoile

- Comhairleoireacht a chur ar fáil go fadtéarmach
- Pleanáil d’ócáidí comórtha
- Anailís le déanamh ar an gcaoi ar éirigh leis an scoil ag déileáil leis an ngéarchéim
- Foireann nua le cur ar an eolas faoin bpolasaí agus iad a chur ar an eolas faoi ghéarchéimeanna a tharla cheana agus na daoine ba mhó a bhí bainteach leis an ngéarchéim

**Foireann Bhainistiú Géarchéimeanna** ***(Liosta le malartú ag brath ar an ngéarchéim)***

- An Príomhoide
- An Leas-Phríomhoide
- An Comhairleoir
- Ceann Bliana
- Múinteoir(í) ranga
- An Rúnaí
- An Feighlí
- Múinteoirí le saineolas (Céad chabhair srl)

# Liosta Teagmhála i gCás Géarchéime

**Seirbhísí Éigeandála**

- An Garda Síochána 6667600
- Oifigeach Chaidreamh na nGardaí John McIntyre (JLO) 086 8608466
- Oifigeach Leasa Oideachais (Éamonn Regan) 087 6825293
- Na Seirbhísí Síceolaíochta 2788181/2
- Síceolaí NEPS (Paula Dunne-comhairleoireacht agus tacaíocht) 4614861 087 650 1548
- Ospidéal Ghort na Silíní 6206000 (Ionad Clainne); 6206388 (Cosaint Leanaí); 6206493 (Teach an Droichid-aonad drugaí); 6206387 (Oibrí Sóisialta Dualgais)
- Ospidéal Naomh Shéamais (Clinic Threoir Leanaí/seirbhísí síciatracha) 4543710/4166600
- Comhairleoireacht do Dhéagóirí 6231398
- Barnardos 4530355 (Comhairleoireacht i ndiaidh báis) 4732110 (Líne Chabhrach)
- Comhairleoireacht i ndiaidh féinmharaithe 8724597/(087) 9499053
- Comhairleoireacht i ndiaidh báis 6767727/8391766
- Aware 6766166 (An galar dubhach)/ 1890303302 (líne chabrach)
- ABC Anti Bullying Resource Unit 608 2573
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (0906) 442700
- Aonad Cumarsáide na Roinne Oideachais agus Scileanna 8734700
- An tAthair Damien Farron 459 2665